



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

Scrúdú an Teastais Shóisearaigh, 2019

Fraincis

Ardleibhéal

Dé Céadaoin 12 Meitheamh Maidin 9:30 – 12:00

320 marc

Scrúduimhir				

Stampa an Ionaid



Treoracha

1. Tá **trí** roinn sa pháipéar seo.

Roinn I	Cluastuiscint	140 marc
Roinn II	Léamhthuiscint	100 marc
Roinn III	Scríobh na Teanga	80 marc

2. Tabhair aird ar leith ar na treoracha a ghabhann le gach ceist de réir mar a thugtar sa Scrúdpháipéar iad.
3. Sula dtosaíonn an triail chluastuisceana féin, beidh 5 nóniméad agat chun na treoracha a bhainneann léi agus na ceisteanna a léamh. Ní bheidh cead agat ceisteanna a chur ná rud ar bith a rá nuair a bheidh an triail féin ar siúl.
4. Nuair a bheidh Roinn I (cluastuiscint na sleachta taifeadta) críochnaithe agat, ba cheart duit tabhairt faoi Roinn II agus III den pháipéar láithreach.
5. **Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh. Ná húsáid peann luaidhe ná peann d'aon dath eile.**
6. **NÁ DEARMAD DO SCRÚDUIMHIR A SCRÍOBH SA SPÁS ATÁ AR FÁIL AR AN GCLÚDACH TOSAIGH.**
7. Freagair gach ceist.
8. Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá curtha ar fáil sa leabhrán seo. Tá spás ann ag deireadh an leabhráin d'obair bhreise. Déan deimhin de go ndéanann tú aon obair bhreise a uimhriú go cúramach, trí uimhir na ceiste agus páirt na ceiste a chur taobh le do chuid oibre.

Déanfar an leabhrán scrúdaithe seo a scanadh agus is ar scáileán a fheicfidh an scrúdaitheoir do chuid oibre. Tá an baol ann nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon obair a scríobhann tú lasmuigh den limistéar freagartha.



N.B. Bíodh do fhreagraí i nGaeilge.

I gcás ceisteanna ilrogha, roghnaigh do fhreagra agus cuir tic (✓) sa bhosca cuí.

A

Tosóidh do scrúdú le **trí** chomhrá. I gcás gach comhrá díobh, abair cé acu díobh seo a leanas atá mar ábhar cainte ag na cainteoirí:

- (a) ag déanamh pleannanna don todhchaí
- (b) ag caint faoi laethanta saoire
- (c) ag dul a luí
- (d) ag ordú rud éigin le hól

nó

- (e) ag tabhaint bronntanais do dhuine éigin

Cloisfidh tú gach comhrá **faoi dhó**. Tá cead agat an cheist a fhreagairt tar éis aon cheann den dá éisteacht. Roghnaigh do fhreagra agus cuir tic (✓) sa bhosca cuí thíos.

- | | | | | | |
|----------------------|---------------------------------|---------------------------------|---------------------------------|---------------------------------|---------------------------------|
| (i) An chéad chomhrá | (a)
<input type="checkbox"/> | (b)
<input type="checkbox"/> | (c)
<input type="checkbox"/> | (d)
<input type="checkbox"/> | (e)
<input type="checkbox"/> |
| (ii) An dara comhrá | (a)
<input type="checkbox"/> | (b)
<input type="checkbox"/> | (c)
<input type="checkbox"/> | (d)
<input type="checkbox"/> | (e)
<input type="checkbox"/> |
| (iii) An tríú comhrá | (a)
<input type="checkbox"/> | (b)
<input type="checkbox"/> | (c)
<input type="checkbox"/> | (d)
<input type="checkbox"/> | (e)
<input type="checkbox"/> |

B

Anois cloisfidh tú **beirt** á gcur féin in aithne, Clara ar dtús agus ansin Robert. Cloisfidh tú gach taifeadadh **trí** huaire. Éist go cúramach leo agus líon isteach an t-eolas a lorgaítear sna greillí **1** agus **2** thíos.

1. An Chéad Chainteoir: Clara

Ainm	Clara
Dhá shonra faoina háit chónaithe	(i)
	(ii)
Breithlá	
Post ba mhaith léi sa todhchaí	
An duine a dtéann sí ag siopadóireacht leis	
An lá a scríobhann sí a blag	
Dhá rud a chuireann sí suas ar a blag	(i)
	(ii)

2. An Dara Cainteoir: Robert

Ainm	Robert
Aois	
Dhá shonra faoina mhac	(i)
	(ii)
Pleananna dá bhreithlá	
Dhá earra a d'ordaigh sé ar líne	(i)
	(ii)
Cathain a bheidh sé ag dul go dtí an Iodáil?	
A bhfuil súil aige a dhéanamh sa tír sin	



C

Cloisfidh tú anois **cúig** chomhrá ar leith. Cloisfidh tú gach ceann díobh faoi **dhó**. Éist go cúramach leo agus freagair na ceisteanna thíos.

An Chéad Chomhrá

1. (a) Cá bhfuil an fear ag iarraidh dul?

- (b) Cad iad na treoracha a thugann an bhean dó?

An Dara Comhrá

2. (a) Cad a theastaíonn ón mbean a dhéanamh?

- (b) Litriugh sloinne na mná. Scríobh litir amháin i ngach bosca.

--	--	--	--	--	--

An Tríú Comhrá

3. Cén **dá** thasc thí a iarrtar ar Alice a dhéanamh?

(i)
(ii)

An Ceathrú Comhrá

4. (a) Cén t-ábhar a bhfuil scrúdú ag Bastien ann?

- (b) Scríobh isteach an chuid eile d'uimhir theileafóin Caroline?

06. 21.

An Cúigiú Comhrá

5. (a) Cá n-oibríonn Louise gach Satharn?

- (b) Cén t-ainmhí a luann Paul?



D

Tá Anna ag taisteal ar an traein agus ag caint le paisinéir faoina post mar au pair. Cloisfidh tú an comhrá **faoi thrí**. Ar dtús, cloisfidh tú é go léir tríd síos; ansin cloisfidh tú arís é ina **cheithre mhír** agus sosanna eatarthu. Ar deireadh, cloisfidh tú an comhrá ar fad tríd síos. Freagair na ceisteanna thíos.

An Chéad Mhír

1. (a) Cén t-am a n-imíonn an traein, dar leis an bpaisinéir Francach?

- (b) Cá háit in Dijon go díreach a bhfuil Anna ag bualadh lena cara?

An Dara Mír

2. (a) Cá fhad a bhfuil cónaí uirthi sa Fhrainc?

- (b) Cén thír arb as do Anna ó dhúchas?

An Tríú Mír

3. (a) Ainmnigh gníomhaíocht **amháin** is maith leis an gcailín beag Francach a dhéanamh.

- (b) Scríobh síos **dhá** chúis ar maith le Anna an áit a bhfuil sí ina cónaí inti.

(i)
(ii)

An Ceathrú Mír

4. (a) Fad a bheidh siad in Dijon, cá bhfanfaidh Anna agus a cara?

- (b) Luaigh **dhá** áit a mholann an fear dóibh cuairt a thabhairt orthu?

(i)
(ii)



E

Críochnóidh do thriail éisteachta le **cúig** cinn de mhíreanna gearra nuachta ó raidió na Fraince. Cloisfidh tú gach mír nuachta faoi **dhó**. Éist go cúramach leo agus freagair na ceisteanna thíos.

An Chéad Mhír

1. (a) Cé mhéad a chosnaíonn sé dul ar thuras báid ar abhainn, an Seine?

- (b) Ainmnigh mír **amháin** bruscair ar féidir í a bhailiú ar son chosaint na timpeallachta.

An Dara Mír

2. (a) Cé leis a mbaineann an rial nua?

- (b) Cad leis a bhfuil súil ag an rialtas a tharlóidh dá bharr sin?

An Tríú Mír

3. (a) Cén costas a bhain leis an damáiste a rinneadh ar an Champs Elysées?

- (b) Cén fáth ar gabhadh grúpa léirsitheoirí?

An Ceathrú Mír

4. (a) Cad a dhíolfaidh na mic léinn seo ag an margadh?

- (b) Cad air a gcaithfidh siad an t-airgead?

An Cúigiú Mír

5. As an liosta focal a thugtar thíos, roghnaigh an focal is fearr a chuireann síos ar an aimsir i **ngach** ceann de na ceantair atá luaite.

Grianmhar – Scamallach – Go breá – Gaofar – Te – Fuar

(i) Páras
(ii) Oirdheisceart na Fraince

N.B. Bíodh do chuid freagraí i nGaeilge sa roinn seo – ach amháin Ceist 4 ar leathanach 11. I gcás ceisteanna ilrogha, roghnaigh do fhreagra agus cuir tic (✓) sa bhosca cuí.

Léigh na comharthaí / téacsanna seo a leanas agus freagair na ceisteanna go léir.

Ceist 1

- (a) Tá tú i leabharlann sa Fhrainc agus ba mhaith leat rochtain a bheith agat ar an idirlíon. Cé acu ceann de na comharthaí seo a leanas a lorgfá?
- Roghnaigh do fhreagra agus cuir tic (✓) sa bhosca cuí thíos.**

toilettes

ascenseur

sortie de secours

ordinateurs

- (b) Tá tú i bpáirc théama sa Fhrainc agus ba mhaith leat teacht ar dheasc na dticéad. Cé acu ceann de na comharthaí seo a leanas a lorgfá?
- Roghnaigh do fhreagra agus cuir tic (✓) sa bhosca cuí thíos.**

restaurant

glace

guichet

magasin

Ceist 2

Leigh an t-oideas thíos agus ansin freagair na ceisteanna.

Tajine d'agneau aux pruneaux

Pour : 4 personnes

Préparation : 20 minutes

Cuisson : 1 heure 20 minutes

Ingédients :

- 500 g de pruneaux
- 500 g d'oignons
- 2 cuillères d'huile d'olive
- 1.5 kg d'épaule d'agneau
- 2 gousses d'ail
- 1 cuillère de gingembre
- 100 g d'amandes



Méthode :

1. Faire cuire les oignons dans l'huile d'olive.
2. Ajouter la viande et la faire dorer.
3. Mettre la viande et les oignons dans une cocotte.
4. Ajouter l'ail et le gingembre. Mélanger.
5. Couvrir d'eau et faire cuire pendant une heure.
6. Ajouter les pruneaux et faire cuire pendant vingt minutes à feu doux.
7. Ajouter ensuite les amandes et bien mélanger.
8. Servir avec purée de pommes de terre.

(a) *Oinniúin, piobar, ola, gairleog.* Cé acu ceann de na ceithre cinn seo **nach** bhfuil ar liosta na gcomhábhar?

(b) Cad a iarrtar ort a dhéanamh ag **pointe 5** de na treoracha cócaireachta?

(c) Conas is ceart an bia seo a chur ar phláta? (**Pointe 8** de na treoracha cócaireachta)



* 2 0 1 9 J 0 1 0 A 1 1 L 0 9 2 4 *

Ceist 3

Léigh an t-alt seo a leanas agus ansin freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Adopter des poules pour réduire les déchets!



1. De plus en plus de villes en France donnent des poules à leurs habitants pour réduire la quantité de déchets produits. C'est une idée très simple. Les poules mangent les restes après les repas au lieu de jeter la nourriture à la poubelle !
2. Selon les habitants, il y a beaucoup d'avantages d'avoir des poules. Elles donnent des œufs frais, et les enfants les adorent. En général, les habitants aiment avoir les poules parce qu'élever les poules n'est pas difficile.
3. Cette année une mairie près de Lyon offre des couples de poules à cinquante familles qui ont un grand jardin. Ces familles reçoivent en plus un guide gratuit sur l'élevage des poules.

(a) Cén fáth a bhfuil bailte sa Fhrainc ag tabhairt cearca dá n-áitritheoirí? **(Cuid 1)**

(b) Tabhair buntáiste **amháin** a bhaineann le cearca a bheith ag duine. **(Cuid 2)**

(c) Cad a chaithfidh a bheith ag teaghlaigh má theastaíonn uathu go dtabharfaí cearca dóibh? **(Cuid 3)**

Ceist 4

San alt seo tugann ceathrar ógánach a dtuairimí faoi ghrúpaí staidéir.

Pour ou contre faire ses devoirs entre amis



1. **Claudine, 16 ans:** Je pense que c'est une bonne idée. Chaque week-end mon amie Sophie vient chez moi pour faire les devoirs ensemble. Je suis faible en anglais et elle m'aide. Par contre je l'aide avec la géo. C'est un bon échange.
2. **Virginie, 13 ans:** Moi je préfère travailler seule. Il m'est toujours impossible de travailler en groupe car il y a toujours quelqu'un qui ne prend pas le travail au sérieux. Je trouve ça agaçant. Pour moi les bonnes notes sont très importantes.
3. **Paul, 15 ans:** Je trouve que les révisions sont plus faciles quand mon ami est là pour me poser des questions. De plus, quand on a fini, on peut discuter et s'amuser ensemble.
4. **Patrick, 14 ans:** On n'a pas tous le même niveau. Quand j'ai travaillé en groupe j'ai remarqué que la personne qui a les meilleures notes fait tout le travail. J'aime trouver les solutions moi-même.

(a) Ainmnigh ábhar **amháin** a luann **Claudine**.

(b) Cén fáth a ndeir **Virginie** go bhfuil sé dodhéanta di obair i ngrúpa?

(c) Cén rud a deir **Paul** a dhéanann an t-athbhreithniú níos éasca?

(d) Cad a fuair **Patrick** amach nuair a d'oibrigh seisean i ngrúpa?

Ceist 5

Tá an t-eolas seo a leanas faoi réigiún na Fraince tógha ó shuíomh gréasáin a chuireann eolas ar fáil do thurasóirí. Léigh na sleachta agus ansin freagair na ceisteanna ar an gcéad leathanach eile.



Provence

Il y a vraiment quelque chose qui pourra plaire à tout le monde en Provence et c'est une des régions les plus visitées en France. La Provence a aussi plus de soleil que n'importe quelle autre région en France.



Normandie

La Normandie est située sur la côte nord-ouest de la France. Il s'agit d'une région vaste avec énormément de choses à offrir. La Normandie est réputée pour ses belles plages qui ont une vraie importance dans l'histoire de la France.



Auvergne

La région de l'Auvergne a beaucoup de villes et de villages intéressants. C'est une région populaire parmi ceux qui aiment l'histoire parce qu'il y a tant de châteaux et de monuments historiques à explorer.



Alsace

Cette région est pleine de collines, de petits ruisseaux et de rivières qui sont très beaux. Il s'agit d'une région qui est populaire auprès des randonneurs et des cyclistes. Cet endroit est calme et pittoresque.



Poitou-Charentes

La région Poitou-Charentes est très populaire parmi les touristes. Vous y trouverez l'Île-de-Ré et la ville historique de La Rochelle. Il y a aussi les champs de tournesols et les villages tranquilles pour lesquels la région est connue.



Côte d'Azur

La Côte d'Azur a une grande beauté naturelle. C'est aussi une région réputée pour le glamour, le soleil, les plages et la sophistication des stations balnéaires telles que Nice, Saint-Tropez et Cannes - une réputation qui est bien méritée!



Bretagne

Avec 2000 km de côtes, de nombreuses îles et plages, des ports et des villes historiques, il y a beaucoup à découvrir. La Bretagne est une région idéale pour ceux qui aiment la mer, la pêche et les sports nautiques.

(Nóta: I do fhreagraí thíos, ba cheart duit **ainmneacha na réigiún** a scríobh i bhFraincis díreach mar atá siad i mbarr gach bosca.)

Scríobh **ainm an réigiúin**

(a) ina bhfuil páirceanna lán le lusanna gréine

(b) a fhaigheann níos mó de sholas na gréine ná aon réigiún eile

(c) a bhfuil dúil mhór ag siúlóirí agus ag rothaithe ann

(d) atá go hiontach do dhaoine ar maith leo an iascaireacht

Ceist 6

Léigh an t-alt seo agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Le Voleur très poli !



1. Tout a commencé samedi matin quand un boulanger, Georges Lebrun, est monté dans sa camionnette pour transporter du pain à ses clients de La Rochelle. À six heures et quart, il a stationné son véhicule devant la bibliothèque. Pour aller vite, il a laissé les clés dedans, avec le moteur en marche.
2. Quand il est ressorti quelques minutes plus tard, la camionnette n'était plus là. Bien sûr, Georges était furieux. Il est allé immédiatement porter plainte au commissariat de police. Puis il est retourné à la boulangerie. Un de ses employés a dû utiliser sa propre voiture pour livrer le pain.
3. Dimanche matin, quand Georges a ouvert les volets de sa chambre, il ne croyait pas ses yeux. Sa camionnette était garée en face de chez lui ! Il a descendu l'escalier en courant. Il a découvert que le véhicule était fermé à clé. Georges a vu que les clés avaient été déposées dans une enveloppe dans sa boîte à lettres, avec un petit mot d'excuse !
4. Dans le mot, le voleur a expliqué. Il a dû emprunter le véhicule de toute urgence, puisque son fils était malade. Il s'est excusé d'avoir dérangé Georges. Il a laissé un billet de vingt euros aussi pour rembourser les frais d'essence. Georges a décidé que le « voleur » était un type sympa !

(a) Cén t-am ar pháirceáil Georges a veain lasmuigh den leabharlann? **(Cuid 1)**

(b) Cad a rinne Georges tar éis dó stáisiún na bpóilíní a fhágáil? **(Cuid 2)**

(c) Cén fáth nár fhéad Georges a shúile a chreidiúint maidin Dhomhnaigh? **(Cuid 3)**

(d) Cén fáth ar fhág an gadaí airgead do Georges? **(Cuid 4)**

Ceist 7

Léigh an t-alt seo a leanas agus ansin freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Le Hameau de la Reine

1. Dans le parc du Château de Versailles, on peut voir le petit village secret de la Reine, Marie-Antoinette. En 1783, elle veut construire ce village dans les jardins du château de Versailles pour pouvoir s'éloigner de la cour et vivre à la campagne. Dans le village il y a une ferme et plusieurs maisons. Il est situé à 2km du château. La ferme est entourée d'arbres et au centre il y a un grand lac. Marie-Antoinette espère reproduire la vie à la campagne et apprendre la nature à ses quatre enfants.
2. Sur la ferme il y a des vaches, des moutons et des cochons que la Reine achète de la Suisse ! Il y a cinq maisons dans le village. Les amis de Marie-Antoinette y restent pendant leurs visites. La maison principale, celle de la reine, est la plus luxueuse. La chambre de la Reine est toute en jaune.
3. Marie-Antoinette est très contente dans son hameau. Elle adore passer du temps avec ses enfants et leur faire remarquer les beaux arbres et les oiseaux. Quelquefois ils goûtent le fromage blanc ou le beurre à la laiterie.
4. Le village secret de Marie-Antoinette est restauré depuis 2006. Il ouvre ses portes au public tous les jours, sauf le lundi, depuis mai 2018. Le hameau a toujours ses charmes. C'est un vrai trésor caché du Château de Versailles.

(a) Cén dá chúis a bhí ag Marie-Antoinette an sráidbhaile a thógáil? (Cuid 1)

(i)

(ii)

(b) Cén dath atá ar sheomra codlata na Banríona? (Cuid 2)

(c) Cad is breá le Marie-Antoinette a dhéanamh? (Dhá shonra) (Cuid 3)

(i)

(ii)

(d) Cén lá nach féidir leat cuairt a thabhairt ar an sráidbhaile? (Cuid 4)

Ceist 8

Léigh an t-agallamh seo a leanas leis an aisteoir Francach, Héloïse Martin, agus ansin freagair na ceisteanna ar an gcéad leathanach eile.

Héloïse Martin

1. Héloïse Martin est une actrice française qui a grandi dans le nord-ouest du pays. À l'occasion de la sortie au cinéma de « Tamara Vol. 2 » ce 4 juillet, nous avons rencontré l'actrice. Après avoir joué une ado mal dans sa peau, elle incarne ici une jeune adulte confiante. Voici ce qu'elle nous a dit.



2. **Héloïse, parle-nous de toi et de ta famille.**

Ma mère est chef d'entreprise et mon père travaille à la mairie. J'ai une sœur plus jeune que moi, qui s'appelle Sophie. Elle est toujours de bonne humeur et elle aime bien passer du temps sur les réseaux sociaux. Moi, je suis têteue et je me fâche facilement mais ensuite j'éclate de rire.

3. **Comment es-tu devenue actrice ?**

Très jeune, j'aimais interpréter des petites scènes théâtrales avec mes amis. Pendant mon temps libre j'ai suivi des cours de théâtre. Ma mère m'a soutenue en me conduisant à des castings. C'était difficile au début car on devait se lever tôt et se coucher tard. Puis après le baccalauréat, je me suis installée dans un appartement à Paris. J'avais une agence de casting et j'ai commencé à tourner mon premier film, « Qu'est-ce qu'on va faire de toi ? »

4. **Tu te sens isolée à Paris maintenant ?**

Jamais ! J'ai pas mal d'amis et ma famille me rend visite très souvent. Maman m'apporte toujours un petit quelque chose, soit des gâteaux faits maison soit de la confiture. La seule fois que je me sens triste, c'est quand ma famille rentre chez elle. Après la dernière visite, j'ai pleuré pendant une demi-heure.

5. **Tu t'es bien entendue avec les autres comédiens du film « Tamara » ?**

Bien sûr, je me suis bien entendue avec tout le monde. On a vécu la même histoire. On a tous débarqué à Paris pour tenter notre chance. C'était génial de tourner avec ces gens parce qu'ils m'ont donné vraiment envie de faire ce métier. C'était incroyable.

6. **Comment tu t'es trouvée à l'affiche de « Danse avec les Stars » ?**

On m'a contacté mi-avril pour passer le casting. Tout d'abord, je pensais que c'était une blague et qu'on se moquait de moi. J'ai pris une journée pour réfléchir. Mais finalement je n'ai pas trop hésité. C'est une aventure que je ne pourrai faire qu'une fois dans ma vie.



(a) Cén chuid den Fhrainc inar tógadh Héloïse? **(Cuid 1)**

(b) Cá mbíonn a hathair ag obair? **(Cuid 2)**

(c) Luaigh rud **amháin** a deir Héloïse fúithi féin. **(Cuid 2)**

(d) Conas a thacaigh máthair Héloïse léi nuair a bhíodh sí ag dul le haghaidh trialacha roghnú aisteoirí? **(Cuid 3)**

(e) Luaigh rud **amháin** a fuair Héloïse deacair a dhéanamh ag an túis. **(Cuid 3)**

(f) Cad a rinne sí an uair dheireanach tar éis cuairt a bherth tugtha ag a muintir uirthi? **(Cuid 4)**

(g) Cén fáth a ndeir Héloïse go raibh sé iontach a bheith ag obair leis na haisteoirí seo? **(Cuid 5)**

(h) Cad a cheap sí ar dtús, nuair a iarradh uirthi páirt a ghlacadh in “Dancing with the Stars”? **(Cuid 6)**

Ceist 9

Is fear grinn Francach agus láithreoir raidió é Camille Combal.

Camille Combal

1. Je suis né le dix-sept septembre en mille neuf cent quatre-vingt-un à Gap dans les Hautes-Alpes. J'ai vécu aux Ornes, un village très connu pour le ski. J'ai eu de la chance parce que j'ai habité dans un chalet au pied des montagnes. C'était une enfance idyllique !
2. Je passais mes journées à faire du VTT et du ski. Mes parents ne le savent pas mais il y avait beaucoup de jours où je suis allé faire du ski au lieu d'aller à l'école! Je laissais passer le bus et j'attendais l'ouverture des pistes à neuf heures. Un jour je suis tombé et je me suis cassé l'épaule. C'était la fin pour moi, de faire l'école buissonnière.
3. Au collège, j'aimais faire rire mes copains et je faisais parfois l'imbécile en classe. Il y avait souvent des disputes chez moi parce que mes parents voulaient que je me concentre sur mes études. Ce n'était pas toujours facile.
4. A l'âge de 17 ans, j'ai voulu partir. Alors, je suis monté à Paris pour débuter ma carrière d'animateur radio, puis télé. J'ai gravi les échelons pas à pas et j'ai eu beaucoup de succès. La vie est belle et quand j'ai besoin de me détendre je pars à la mer avec mon chien.



(a) Cén bhliain ar rugadh Camille? **(Cuid 1)**

(b) Seachas a bheith ag sciáil, cad eile a bhíodh ar siúl aige i rith an lae ? **(Cuid 2)**

(c) Cén chuid dá chorp a ghortaigh Camille? **(Cuid 2)**

(d) Cad a thaitníodh leis a dhéanamh ar scoil? **(Cuid 3)**

(e) Cén fáth a ndeachaigh sé go Páras? **(Cuid 4)**

(f) Cad a dhéanann Camille nuair is maith leis a scíth a ligean? **(Cuid 4)**

N.B. Bíodh do chuid freagraí i bhFraincis sa roinn seo. Freagair (a) agus (b).

- (a)** Tá tú in Montpellier le d' fhoireann i gcomhair cluiche. Scríobh **cárta poist** chuig do chara pinn Francach, Cecile. I do chárta poist abair léi

 - cathain a shroich tú an áit agus conas a thaisteal tú ann
 - go mbíonn tú ag imirt cispheile gach lá
 - go rachaidh tú go dtí an margadh Dé Sathairn chun bronntanais a cheannach.



- (b)** Deireadh an Mheithimh atá ann. Tá scrúduithe an Teastais Shóisearaigh / na Sraithe Sóisearaí díreach críochnaithe agat. Scríobh **litir** i bhFraincis chuig do chara pinn, Samuel. I do litir

- gabh leithscéal leis as gan scríobh níos luaithe agus tabhair míniú
 - inis rud éigin dó faoi na scrúduithe
 - inis dó faoi do phleananna do laethanta saoire an tsamhraíd.
 - inis rud éigin dó faoi d'áit chónaithe
 - iarr air teacht agus cuairt a thabhairt ort an bhliain seo chugainn.





* 20193010A11EL2124 *

Seo é spás d'obair bhreise. Déan deimhin de go ndéanann tú aon obair bhreise a uimhriú go cúramach, trí uimhir na ceiste agus páirt na ceiste a chur taobh le do chuid oibre.



Ná scríobh ar an leathanach seo

Fógra maidir le cóipcheart

Is féidir go bhfuil téacs nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt ina leith agus is féidir gur athchóiríodh é/iad ar mhaithe le measúnacht gan réamhchead ón údar/ó na húdair. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid ina dhiaidh sin ar chúis ar bith seachas an chúis bheartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún dliteanas as sárú ar bith cearta tríú páirtí a éiríonn as dáileadh nó úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Junior Certificate Examination – Higher Level

French

Wednesday 12 June
Morning 9:30 – 12:00



* 2 0 1 9 J 0 1 0 A 1 1 L 2 4 2 4 *